

An Bhruiséil, 25 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

13225/25

SOC 623
EMPL 411
STATIS 66

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE i dtaca le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 488 final.

Faoi iamh: COM(2025) 488 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2025
COM(2025) 488 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**i dtaca le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa
agus ón gComhairle maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal**

1. RÉAMHRÁ

Le staidreamh folúntas (JVS), taifeadtar an líon post atá folamh ag tráth áirithe, rud a léiríonn an t-éileamh ar shaothar neamhshásaithe.

Mar sin, cuireann siad faisnéis thábhachtach ar fáil faoi na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir an soláthar saothair agus an t-éileamh ar shaothar, lena n-áirítear neamhréireanna sa mhargadh saothair, rud a bhíonn ann nuair nach mbíonn scileanna na ndaoine atá ag lorg poist nó an suíomh ina bhfuil siad ag teacht leis an méid a bhfuil fostóirí féideartha ag súil leis.

Foilsíonn Eurostat eisiúint nuachta ráithiúil ar a shuíomh gréasáin¹ ina mbíonn tacar mór sonraí JVS atá miondealaithe de réir gníomhaíocht eacnamaíoch.

Le Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal² ('Rialachán JVS'), bunaítear creat coiteann faoina ndéanfaidh na Ballstáit sonraí inchomparáide a tháirgeadh agus a tharchur chuig an gCoimisiún.

Faoi Airteagal 10 de Rialachán JVS, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin sin faoin 24 Meitheamh 2010 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin. Is é cuspóir na tuarascála seo measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an staidrimh a sholáthraíonn na Ballstáit agus ar cháilíocht staidrimh chomhiomláin an Aontais. Thairis sin, sainaithneofar réimsí sa tuarascáil ina bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh amach anseo.

Is é seo an séú tuarascáil JVS ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle³. Díritear inti ar shonraí JVS a fuarthas ó foilsíodh an t-eagrán roimhe sin, le haghaidh na ráithí tagartha ón gcéad ráithe de 2022 (R1-2022) go dtí an tríú ráithe de 2024 (R3-2024). Léirítear inti na rudaí a thug Eurostat faoi deara nuair a bhí sonraí JVS á mbailiú agus á bhfíorú aige le haghaidh na ráithí tagartha sin, agus cuireann sí leis an doiciméadacht arna soláthar ag na Ballstáit ina dtuarascálacha bliantúla ar cháilíocht⁴.

¹ <https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-euro-indicators/w/3-16122024-bp>

² IO L 145, 4.6.2008, lch. 234. <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2008/453/oj/gle>

³ Féach an tuarascáil roimhe seo: COM(2022) 355 an 26 Iúil 2022.

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52022DC0355&qid=1738593721236>,

⁴ https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/jvs_esms.htm

Chun cur leis an gcreat dlíthiúil a bunaíodh le Rialachán JVS, ghlac an Coimisiún dhá rialachán cur chun feidhme:

- Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008 ón gCoimisiún⁵, ina sainmhínítear na nósanna imeachta coigeartúcháin shéasúraigh atá le cur i bhfeidhm ón gcéad ráithe de 2014, struchtúr agus ábhar na dtuarascálacha bliantúla cáilíochta a sholáthróidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún, agus na dátaí ar a seolfar na tuarascálacha sin;
- Rialachán (CE) Uimh. 19/2009 ón gCoimisiún⁶, ina sainmhínítear an téarma ‘folúntas’, ina leagtar síos sprioc-amanna maidir le sonraí a sheoladh agus ina sainítear na tréimhsí atá le cumhdach sa chéad tacar sonraí a sholáthraítear. Liostaítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh dlíthiúil sin na Ballstáit atá i mbun staidéir indéantachta agus na hábhair a chumhdaítear leis na staidéir.

In Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008, cinntear cáilíocht na sonraí JVS de réir na gcritéar seo a leanas: ábharthacht, cruinneas, tráthúlacht agus poncúlacht, inrochtaineacht agus soiléireacht, inchomparáideacht, agus comhleanúnachas.

Tá inrochtaineacht agus soiléireacht na sonraí JVS seanbhunaithe anois, trí mheiteashonraí mionsonraithe agus tuarascálacha cáilíochta náisiúnta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Eurostat. Dá bhrí sin, díreoidh an tuarascáil JVS seo ar na critéir eile.

2. DUL CHUN CINN GINEARÁLTA Ó FOILSÍODH AN TUARASCÁIL DHEIREANACH

An bunús dlí le JVS a dtugtar tuairisc air thuas, tá feidhm aige maidir leis an tréimhse thagartha a chumhdaítear leis an tuarascáil seo.

In 2022, rinne an Coimisiún meastóireacht agus measúnú tionchair ar an staidreamh margaidh saothair uile i dtaca le gnólachtaí, lena n-áirítear JVS. Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún togra chun teacht in ionad an Chreat-Rialacháin a glacadh an 28 Iúil 2023⁷. Is ar an 7 Bealtaine 2025 a glacadh an rialachán nua, Rialachán (AE) 2025/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh margaidh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 agus (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸.

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2008 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal, a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta coigeartúcháin shéasúraigh agus le tuarascálacha cáilíochta (IO L 285, 29.10.2008, lch. 3).

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 19/2009 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2009 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal, a mhéid a bhaineann leis an sainiú ar fholúntas, na dátaí tagartha maidir le bailiú sonraí, sonraíochtaí tarchuir sonraí agus staidéir indéantachta (IO L 9, 14.1.2009, lch. 3).

⁷ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/ALL/?uri=CELEX:52023PC0459>.

⁸ https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:L_202500941

Ba iad seo a leanas na príomhfhorbairtí a tharla le linn na tréimhse tagartha:

- tugadh comhiomlán an limistéir euro cothrom le dáta chun cuimsiú na Cróite a léiriú tar éis di an euro a ghlacadh an 1 Eanáir 2023;
- cuireadh anailís ar an ráta folúntas de réir roinn NACE san áireamh san eisiúint nuachta ráithiúil, i gcás chomhiomláin an limistéir euro agus an Aontais;
- scaipeadh an eisiúint nuachta ráithiúil i bhformáid athbhreithnithe ina bhfuil graif idirghníomhacha;
- i gcás na Fraince, leathnaíodh raon feidhme JVS chun fiontair bheaga a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe acu a chumhdach.

Sna chéad ranna eile, déantar trácht ar na forbairtí is déanaí a mhéid a bhaineann le raon feidhme, caighdeán bailithe sonraí, bailíochtú sonraí agus coigeartú séasúrach.

2.1 Raon feidhme

Faoi reachtaíocht an Aontais, ceanglaítear ar na Ballstáit an líon folúntas agus an líon post líonta a sholáthar i gcás na n-aonad gnó uile de réir gníomhaíocht eacnamaíoch, agus i gcás gach roinne d'aicmiú staidrimh⁹ na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (NACE Ath. 2). Ach i gcás fiontair bheaga (aonaid a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe acu de réir an tsainmhíne) agus ranna O-S de NACE Ath. 2¹⁰ (arb iad riarachán poiblí, seirbhísí sláinte agus oideachas na príomhghníomhaíochtaí atá iontu), luaitear i Rialachán JVS gur cheart d'aon Bhallstát a bhfuil deacrachtaí aige sonraí a sholáthar tabhairt faoi staidéir indéantachta. Cé gur chuir na staidéir indéantachta ar a gcumas do roinnt Ballstát an geilleagar ina iomláine a chumhdach, ní dhearnadh sin go fóill i gcás na Danmhairge, na Fraince ná na hIodáile.

Ó foilsíodh an tuarascáil dheireanach, thosaigh an Fhrainc ag tarchur sonraí folúntas i leith gach méide fiontair, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil idir fostaí amháin agus naonúr fostaithe acu. Tarchuireadh cúlsraitheanna freisin le haghaidh na tréimhse ó thús an dara ráithe de 2011 (R2-2011) ar aghaidh.

Sa Danmhairg, ní dhéantar suirbhé ach ar aonaid atá laistigh den gheilleagar gnó (NACE Ath. 2 ranna B go N). Sa Fhrainc agus san Iodáil, ní dhéantar suirbhé ar 'riarachán poiblí, cosaint, slándáil shóisialta éigeantach' (NACE Ath. 2 roinn O), ach ní chumhdaítear institiúidí poiblí go hiomlán faoi 'oideachas' ná 'sláinte an duine agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta' (NACE Ath. 2 ranna P agus Q).

⁹ Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1). IO L 393, 30.12.2006, lch. 1; ELI: <https://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj>.

¹⁰ Lena gcumhdaítear: riarachán poiblí agus cosaint, slándáil shóisialta éigeantach (roinn O), oideachas (roinn P), sláinte an duine agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta (roinn Q), na healaíona, siamsaíocht agus áineas (roinn R) agus gníomhaíochtaí seirbhíse eile amhail gníomhaíochtaí eagraíochtaí comhaltais, deisiú ríomhairí agus earraí pearsanta agus teaghlaigh, mar aon le gníomhaíochtaí seirbhíse pearsanta eile (roinn S).

2.2 Caighdeáin maidir le bailiú sonraí

An leagan is déanaí de struchtúr sonraí an Mhalartaithe Sonraí Staidrimh agus Meiteashonraí (SMDX)¹¹ agus na liostaí cóid a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta (atá le fáil ar líne trí chlárann thiomnaithe)¹², úsáideadh iad sin go rathúil chun sonraí a fháil ó na Ballstáit, chun sonraí JVS a tháirgeadh agus chun na sonraí sin a tharchur chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

2.3 Bailíochtú sonraí

Lean Eurostat de sheiceálacha sochreidteachta a dhéanamh ar gach tarchur ráithiúil trí chomparáid a dhéanamh idir sraitheanna a rinneadh ag tráthanna éagsúla, sin agus ó ghníomhaíocht eacnamaíoch NACE go chéile. I gcás ina mbíonn athruithe móra ann ó ráithe go ráithe, iarrann Eurostat ar na Ballstáit na sonraí a dheimhniú nó comhad sonraí ceartaithe a tharchur. Má bhraitear athbhreithnithe móra nó athruithe tobanna, in aon roinn NACE áirithe, déantar obair leantach orthu go córasach in éineacht leis na tíortha lena mbaineann.

2.4 Coigeartú séasúrach

Faoi Rialachán Uimh. 1062/2008 ón gCoimisiún, bíonn coinne leis freisin go dtarchuirfidh Ballstáit uile an Aontais agus tíortha eile an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)¹³ sraitheanna arna gcoigeartú de réir séasúir, ar sraitheanna iad ina bhfuil sonraí maidir le folúntais agus poist líonta le haghaidh ranna aonair/comhiomlánaithe B-E, F, G-I, J, K, L, M-N, O-Q agus R-S de NACE Ath. 2 ar a laghad. Úsáideann Eurostat na sonraí a sholáthraítear maidir le folúntais agus poist líonta arna gcoigeartú de réir séasúir chun na rátaí folúntas arna gcoigeartú de réir séasúir a ríomh mar chóimheas.

Ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal an limistéir euro, déantar poist líonta agus folúntais a chomhiomlánú ó Bhallstát go chéile ar dtús agus a choigeartú de réir séasúir ansin (coigeartú séasúrach díreach).

Foilsíonn Eurostat sonraí arna gcoigeartú de réir séasúir le haghaidh chomhiomláin an Aontais sa bhunachar sonraí ábhartha¹⁴ agus in alt de chuid na sraithe ‘Statistics Explained’ [Míniú ar Staidreamh] maidir le JVS¹⁵, in éineacht le sonraí nach bhfuil coigeartaithe de réir séasúir (féach Roinn 4.5).

Lean Eurostat d’fhaireachán a dhéanamh ar nósanna imeachta coigeartúcháin shéasúraigh tríd an iarscríbhinn thiomnaithe a ghabhann leis na tuarascálacha cáilíochta náisiúnta. Go háirithe, sonraítear san iarscríbhinn nuashonraithe sin na samhlacha coigeartúcháin shéasúraigh a úsáidtear, na hasluitigh a bhraitear, méid na gcoigeartuithe agus luaineacht na dtorthaí.

¹¹ <https://sdmx.org/> (le fáil i mBéarla amháin).

¹² <https://webgate.ec.europa.eu/sdmxregistry/> (le fáil i mBéarla amháin).

¹³ Seachas Lichtinstéin, ós rud é nach bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir leis an tír sin. Tríd an doiciméad, tagraítear don Iorua agus don Íoslainn mar ‘thíortha LEE eile’.

¹⁴ https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/jvs_q_nace2/default/table?lang=en&category=labour_jvs

¹⁵ https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Job_vacancy_statistics

2.5 Tuarascálacha cáilíochta


Den chuid is mó, chuir na Ballstáit na tuarascálacha cáilíochta isteach in am, i.e. faoin 31 Lúnasa 2024, tríd an leagan is déanaí de Láimhseálaí Meiteashonraí an Chórais Staidrimh Eorpaigh a úsáid. Cuireadh na tuarascálacha ar fáil do gach úsáideoir¹⁶.

3. FORBAIRTÍ EACNAMAÍOCHA TRÍ LIONSA JVS

Le linn na tréimhse tagartha, lean Eurostat de JVS agus táscairí díorthaithe maidir le hathruithe timthriallacha agus struchtúracha i margaí saothair an Aontais a chur ar fáil d'úsáideoirí institiúideacha agus don phobal i gcoitinne. Tugtar tuairisc ar na forbairtí is déanaí i Ranna 3.1 agus 3.2 thíos.

3.1 Timthriall na bhfolúntas

Mar a léirítear sa chairt thíos, tá cor le sonrú in JVS sa dara ráithe de 2022 (R2-2022) i gcás an Aontais agus i gcás an limistéir euro. Ba é an pointe sin ba thús le laghdú ar na rátaí folúntas tar éis dóibh a bheith ag dul i méid le roinnt ráithí as a chéile.



3.2 Cuar Beveridge

Chomh maith le bheith ina tháscaire tábhachtach chun anailís a dhéanamh ar thimthriallta gnó, soláthraíonn JVS faisnéis maidir le feidhmíocht na margaí saothair i dtaca le meaitseáil tríd an gcuar dífhostaíochta-folúntas ('cuar Beveridge').


Tá cuar Beveridge an Aontais le sonrú san fhíor thíos, rud a léiríonn an gaol diúltach idir an dífhostaíocht agus folúntas, is é sin de réir mar a thagann méadú ar an líon folúntas, tagann laghdú ar an líon daoine dífhostaithe. Cé gur féidir gluaiseachtaí feadh chuar Beveridge a chur i leith athruithe ar dhoicte an mhargaidh saothair, d'fhéadfadh na gluaiseachtaí sin athruithe ar an éifeachtúlacht meaitseála idir soláthar saothair agus éileamh ar shaothar a léiriú, is é sin

¹⁶ https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/jvs_esms.htm (le fáil i mBéarla amháin).

a éasca agus atá sé do dhaoine dífhostaithe fostaíocht a fháil. Is éard atá i gceist le figiúirí an ráta folúntas agus an ráta dífhostaíochta a úsáidtear chun na cuair Beveridge thíos a chur le chéile an meán a fhaightear ó shonraí ceithre ráithe.

Idir an chéad ráithe de 2021 (R1-2021) agus an ceathrú ráithe de 2022 (R4-2022), tá méadú leanúnach ar rátaí folúntas le sonrú feadh coda níos géire den chuar Beveridge. Ó bhí an cor ann, tá laghdú gear ar rátaí folúntas san Aontas, ach níor tháinig aon mhéadú comhthráthach ar na rátaí dífhostaíochta go dtí seo.

Le linn thréimhse thagartha na tuarascála seo, nuashonraigh Eurostat cuair Beveridge an Aontais dhá uair in aghaidh na bliana agus rinne sé trácht ar na torthaí in alt de chuid na sraithe ‘Statistics Explained’¹⁷. Tá an cuair sin le fáil thíos, suas leis an ráithe dheireanach a chumhdaítear sa tuarascáil seo (R3-2024).



4. CÁILÍOCHT NA SONRAÍ

Sa mhír seo den tuarascáil déantar scrúdú ar na gnéithe cáilíochta uile de staidreamh Eorpach maidir le folúntais: ábharthacht, cruinneas, tráthúlacht agus poncúlacht, inrochtaineacht agus soiléireacht, inchomparáideacht, agus comhleanúnachas.

¹⁷ https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Job_vacancy_and_unemployment_rates_-_Beveridge_curve

4.1 Ábharthacht

Tá JVS tábhachtach chun anailís eacnamaíoch a dhéanamh mar is é an príomhfhoinsé sonraí lena dtomhaistear éileamh ar shaothar neamhshásaithe¹⁸. Úsáideann an Coimisiún (an Ard- Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus an Ard- Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) agus an Banc Ceannais Eorpach sonraí ráithiúla JVS chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí gearrthéarmacha ar an timthriall gnó agus ar an margadh saothair.

Tá an ráta folúntas ar cheann de na príomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha¹⁹, agus is é an príomhfhoinsé faisnéise a úsáidtear chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíochta timthriallacha gearrthéarmacha laistigh den Aontas, den limistéar euro agus de thíortha aonair an Aontais.

Úsáideadh sonraí JVS i roinnt doiciméad oifigiúil freisin, lena n-áirítear an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht ón gCoimisiún (2024)²⁰ agus Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa ón gCoimisiún (earrach 2023)²¹.

4.2 Cruinneas

Mar chomhartha ar chruinneas, ríomhann na Ballstáit na comhéifeachtaí athrúcháin sa líon folúntas (nach bhfuil coigeartaithe de réir séasúir), agus saintréithe dhearadh an tsampla náisiúnta á gcur san áireamh. Leis an gcomhéifeacht athrúcháin, sloinntear an earráid chaighdeánach mar chéatadán den mheánluach atá á mheas. De réir na dtuarascálacha cáilíochta le haghaidh na bliana tagartha 2023, bhí comhéifeachtaí athrúcháin na bhfolúntas iomlán faoi bhun 15 % sna Ballstáit uile seachas i gcás na hÉireann²².

¹⁸ Nuair nach mbíonn sonraí folúntas le fáil, i gcásanna áirithe san anailís eacnamaíoch cuireadh táscairí suirbhébhunaithe in ionad éileamh ar shaothar neamhshásaithe, mar shampla ganntanais lucht saothair a bhraitear a bheith ann arna dtuairisciú ag gnólachtaí.


¹⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: *on eurozone statistics "towards improved methodologies for eurozone statistics and indicators"* [maidir le staidreamh an limistéir euro "i dtreo modheolaíochtaí feabhsaithe le haghaidh staidreamh agus tháscairí an limistéir euro"], COM(2002) 661 final.

²⁰ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/93b9c730-8da5-11ee-8aa6-01aa75ed71a1/language-en>

²¹ https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/european-economic-forecast-spring-2023_ga#:~:text=The%20European%20economy%20continues%20to%20show%20resilience%20in,lifting%20the%20growth%20outlook%20for%202023%20and%202024

²² Meiteashonraí JVS: https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/jvs_esms.htm.

Bíonn tionchar nach beag ag an ráta freagartha ar chruinneas na meastachán. De réir na dtuarascálacha cáilíochta ó na Ballstáit, bhí rátaí freagartha éagsúla ann: 14,7 % sa Ghearmáin²³ (le haghaidh an tsuirbhé poist a rinneadh sa cheathrú ráithe de 2023, R4-2023), idir 21,1 % agus 32,7 % sa Ghréig (ag brath ar an ráithe), suas le 98,3 % sa Liotuáin agus sa Danmhairg, agus 98,7 % sa Fhrainc. In 2023, d’fhan an ráta airmheánach freagartha ard ó Bhallstát go chéile: is idir 83 % agus 86 % a bhí sé ag brath ar an ráithe.



I dtéarmaí na n- athbhreithnithe, tá cásanna éagsúla ann maidir leis an dá eisiúint den ráta folúntas, i.e. an tobmheastachán agus an meastachán deiridh. Na tobmheastacháin, a eisítear nuair a bhíonn T+50 lá ann, féadfar iad a athbhreithniú tar éis T+78 lá, tráth a fhoilsítear na meastacháin deiridh. Cé nach gcuimhdaítear na Ballstáit uile leis na tobshonraí, ní raibh na hathbhreithnithe ar na tobmheastacháin níos mó ná 0,1 pointe céatadán i cás an limistéir euro agus an Aontais le linn thréimhse thagartha na tuarascála seo.

A mhéid a bhaineann leis na meastacháin deiridh a fhoilsítear nuair a bhíonn T+78 lá ann, is féidir athbhreithnithe a thomhas trí chomparáid a dhéanamh idir an chéad tarchur agus an eisiúint dheireanach atá le fáil. I gcás an limistéir euro agus an Aontais, ní dheachaigh athbhreithnithe ar an ráta folúntas thar 0,1 pointe céatadán riamh le linn thréimhse thagartha na tuarascála seo, cé is moite den chéad ráithe agus den dara ráithe de 2023 (R1-2023 agus R2-2023) nuair a shroich na hathbhreithnithe 0,2 pointe céatadán.

²³ Níl an suirbhé folúntas éigeantach sa Ghearmáin, rud a mhíníonn an ráta íseal freagartha don suirbhé poist a reáchtáiltear gach ceathrú ráithe den bhliain. Déantar torthaí an tsuirbhé seo a athualú trí shonraí riaracháin a úsáid agus trí mheastachán cúlchéimnithe ginearálaithe, chun aon chlaontacht de dheasca neamhfhreagartha a cheartú.

4.3 Tráthúlacht agus poncúlacht

Ceanglaítear ar na Ballstáit uile amshraith a sholáthar maidir leis an líon iomlán folúntas agus an líon post atá líonta ina dtír féin, ón gcéad ráithe de 2010 ar aghaidh. Ba cheart dóibh na sonraí a sholáthar tráth nach déanaí ná 70 lá tar éis dheireadh na ráithe (T+70). Ina theannta sin, i gcás na mBallstát ar mó a líon iomlán fostaíthe ná 3 % d'iomlán an Aontais, ceanglaítear orthu tobmheastacháin a sheoladh tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis dheireadh na ráithe (T+45).

Go ginearálta, bhí tráthúlacht tharchur JVS sásúil maidir leis an tobmheastachán agus leis an bhfoilsíú deiridh araon. Meabhraíodh do na Ballstáit go tráthrialta a thábhachtaí atá sé na sprioc-amanna éigeantacha a chomhlíonadh chun sonraí a tharchur maidir le príomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha, lena n-áirítear JVS. Taifeadadh roinnt moilleanna ó am go chéile in Éirinn, sa Chróit, san Ungáir agus i Lucsamburg (moilleanna lá amháin) agus sa Ghréig, sa Phortaingéil agus san Íoslainn (moilleanna dhá lá). Sa tríú ráithe de 2022 (R3-2022), tharchuir an Phortaingéil a cuid sonraí ródhéanach lena gcur san áireamh san eisiúint ráithiúil. Ní raibh aon seachadadh déanach ó thaobh struchtúir de a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'fhoilsíú tráthúil na gcomhiomlán Eorpach.

4.4 Inrochtaineacht agus soiléireacht

Scaiptear JVS trí ghnáthbhealaí dáileacháin Eurostat, is é sin an bunachar sonraí ar líne agus na leathanaigh 'Statistics Explained' ar shuíomh gréasáin Eurostat²⁴. Cuireann an suíomh gréasáin faisnéis thráthúil ar fáil maidir leis an ráta folúntas i gcás na gcomhiomlán Eorpach agus i gcás na mBallstát aonair, lena n-áirítear cairteacha maidir le forbairtí le himeacht ama. Ós rud é go mbaineann an ráta folúntas leis na príomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha, foilsítear eisiúint nuachta gach ráithe²⁵.

Rinneadh nuashonrú ar mheiteashonraí a sholáthraítear d'úsáideoirí chun tacú le heisiúintí sonraí trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha cáilíochta bliantúla a sholáthraíonn na Ballstáit. Is féidir teacht orthu sin ar shuíomh gréasáin Eurostat²⁶.

4.5 Inchomparáideacht agus combheanúnachas

Níl aon fhoinsí chomhchuibhithe eile ar fáil ar an leibhéal Eorpach lena dtomhaistear éileamh neamhshásaithe ar an margadh saothair agus a d'fhéadfaí a úsáid chun comparáid a dhéanamh le JVS. Comhaireann go leor Ballstát folúntais a thuairiscítear do sheirbhísí fostaíochta poiblí, ach tá sé deacair na figiúirí sin a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht JVS. Is amhlaidh atá toisc go bhféadfadh sé go mbeadh fochuimsiúchán ann i sonraí den sórt sin (toisc nach féidir gach folúntas a thuairisciú don tseirbhís fostaíochta phoiblí), agus/nó róthuairisciú (má fhanann aon fholúntas atá líonta fós sa chlár riaracháin). Thairis sin, tá sonraí JVS ó fhoinsí riaracháin bunaithe ar shainmhínithe náisiúnta atá éagsúil ó thír go chéile.

²⁴ https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Job_vacancy_statistics agus https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Job_vacancy_and_unemployment_rates_-_Beveridge_curve (le fáil i mBéarla amháin).


²⁵ Féach [an fhéilire eisiúna](#) le haghaidh táscairí euro (le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis agus sna teangacha sin amháin).

²⁶ Féach meiteashonraí JVS agus tuarascálacha cáilíochta náisiúnta agus AE: https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/jvs_esms.htm (le fáil i mBéarla amháin).

Is féidir an líon post líonta, arb é ainmneoir an ráta folúntas é, a chur i gcomparáid le faisnéis ó fhoinsí eile, go háirithe an líon fostaithe a tuairiscíodh i Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair (SFS an Aontais). Mar sin féin, difríochtaí coincheapúla agus difríochtaí a bhaineann le suirbhé atá idir foinsí, ní mór iad a chur san áireamh sna comparáidí agus sna measúnuithe ar dhifríochtaí a dhéanfar ina dhiaidh sin. Go sonrach, déantar JVS a mheas ó shampla gnólachtaí, ach tá SFS an Aontais bunaithe ar shampla de theaghlaigh.

Asbhaineadh sonraí SFS an Aontais le haghaidh na bliana tagartha 2023 de réir na *tíre oibre*, seachas de réir na tíre cónaithe mar a dhéantar i gcás fhormhór an staidrimh atá bunaithe ar SFS. Tá an asbhaint sin i gcomhréir níos mó le coincheap na bpost líonta a úsáidtear in JVS toisc go n-eisiann sí comaitéirí trasteorann agus neamhchónaitheoirí eile nach bhfuil a bpoist taifeadta sa tír chónaithe. D'fhéadfadh sé deireadh a chur leis an mbearna dhiúltach a tomhaiseadh i gcás Lucsamburg mar gheall ar chion mór na hoibre trasteorann, rud a chruthaíonn neamhréireachtaí móra idir coincheapa SFS an Aontais agus JVS: le SFS an Aontais ní dhéantar suirbhé ach ar theaghlaigh chónaitheacha amháin, fiú orthu siúd atá ag obair thar lear, ach cumhdaíonn JVS fiontair chónaitheacha, lena n-áirítear a n-oibrithe neamhchónaitheacha (i.e. oibrithe trasteorann).

Mar a léirítear san fhigiúr thíos, maidir leis an difríocht idir an líon fostaithe a thaifeadtar in SFS an Aontais agus an líon post líonta a thaifeadtar in JVS le haghaidh an gheilleagair iomláin, is iondúil go mbíonn an difríocht sin idir -15 % agus +15 %, seachas i gcás na Portaingéile (+16 %) agus i gcás na Gréige, na hUngáire agus na Rómáine (iad ar fad +20 %).



* an Danmhaig: comparáid le haghaidh ranna comhiomlánaithe B-N de NACE Ath. 2.

** An Fhrainc agus an Iodail: ní thaifeadtar poist líonta le haghaidh roinn O agus ní dhéantar iad a thaifeadadh ach go páirteach le haghaidh ranna P agus Q. Dá bhrí sin, fágadh na codanna sin ar lár sa chomparáid seo le sonraí SFS an Aontais.

I gcás na Gréige, léiríonn an bhearna a aithníodh go bhfuil difríochtaí idir an dá fhoinsé maidir le modheolaíocht agus sainmhínithe. Ní chumhdaíonn sonraí JVS ach gnólachtaí a bhfuil triúr fostaithe nó níos mó acu. Thairis sin, b'fhéidir nach bhfuil roinnt gnólachtaí san áireamh sa chreat samplála toisc gur thosaigh siad ag feidhmiú tar éis go ndearnadh nuashonrú ar an gclár gnó, rud a d'fhág go ndearnadh gannmheastachán ar phoist líonta.

I gcás na hUngáire, ní chumhdaíonn a cuid sonraí JVS gnólachtaí a bhfuil níos lú ná cúigear fostaithe acu, rud a mhíníonn cuid den bhearna thaifeadta.

Ina tuarascáil cháilíochta²⁷, mhínigh an Rómáin gur léirigh neamhréireachtaí idir SFS an Aontais agus JVS maidir leis an líon post líonta, nach raibh an méid seo a leanas san áireamh i bpoist líonta a bailíodh trí úsáid a bhaint as modhanna JVS:

- daoine aonair a bhfuil a gconradh fostaíochta ar fionraí ar feadh tréimhse áirithe (ar fhorais saoire máithreachais, saoire cúraim leanaí, saoire breoiteachta nó saoire gan phá, nó mar gheall ar neamhláithreacht de chineál éigin eile);
- poist, cé gur cuireadh ar fionraí go sealadach iad, a d'fhéadfadh a bheith folamh agus a bheith líonta ar feadh tréimhse theoranta ama;
- poist i bhfórsaí armtha nó san earnáil neamhfhoirmiúil.

In éineacht leis na húdaráis náisiúnta fhreagracha sna tíortha atá liostaithe thuas, leanfaidh Eurostat d'fháireachán a dhéanamh ar neamhréireachtaí idir an líon fostaithe a thaifeadtar in SFS an Aontais agus an líon post líonta a thaifeadtar in JVS.

Tá sé tábhachtach freisin go gcumhdófar folúntais agus poist ar phárolla gníomhaireachtaí sealadacha agus go sannfar iad do roinn N de NACE Ath. 2.

Ar deireadh, is é an príomhdhúshlán maidir le hinchomparáideacht go gcumhdóidh na Ballstáit uile an geilleagar ina iomláine ina gcuid sonraí JVS, i.e. fiontair bheaga agus ranna O go S de NACE Ath. 2 a chur san áireamh, lena n-áirítear institiúidí poiblí. Ó bhí an tuarascáil dheireanach ar dhul chun cinn ann, thosaigh an Fhrainc ag cumhdach fiontar a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe acu. Mar sin féin, mar a luaitear i Roinn 2.1, níl sonraí na Danmhairge, na Fraince ná na hIodáile inchomparáide go hiomlán fós le sonraí Ballstát eile.

5. CONCLÚID

Ar an iomlán, tá cáilíocht JVS na mBallstát agus cáilíocht JVS chomhiomláin an Aontais fós go maith. Tá tráthúlacht JVS ag dul i bhfeabhas le trí bliana anuas.

Rinneadh na tuarascálacha cáilíochta a chuir na Ballstáit isteach a phróiseáil tríd an leagan is déanaí de Láimhseálaí Meiteashonraí an Chórais Staidrimh Eorpaigh a úsáid, agus cuireadh ar fáil do na húsáideoirí uile iad²⁸.

²⁷ <https://webgate.ec.europa.eu/estat/spe/metaconv/previewMetadataFile.htm?metadataFileId=36727>

²⁸ https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/jvs_esms.htm (le fáil i mBéarla amháin).

Maidir le coigeartú séasúrach, bhailigh Eurostat faisnéis mhodheolaíoch mhionsonraithe ó na Ballstáit agus d'eisigh sé í mar iarscríbhinn a ghabhann leis na tuarascálacha cáilíochta bliantúla.

Lean Eurostat de JVS agus táscairí díorthaithe maidir le hathruithe timthriallacha agus struchtúracha i margaí saothair an Aontais a chur ar fáil d'úsáideoirí institiúideacha agus don phobal i gcoitinne. Go sonrach, le JVS is féidir an cor a rinne difear do thimthriallta gnó an limistéir euro agus an Aontais a dhéanamh amach.

Foilsíodh na comhiomláin Eorpacha mar a bhí sceidealaithe. Go ginearálta, níor taifeadadh ach mion- athbhreithnithe le haghaidh na gcomhiomlán Eorpach i gcás na dtobmheastachán agus na meastachán deiridh araon.

Chun inchomparáideacht JVS ar fud na dtíortha a fheabhsú a thuilleadh, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit uile an earnáil phoiblí a chumhdach go hiomlán (cás na Danmhairge, na Fraince agus na hIodáile). Le cumhdach feabhsaithe, d'fhéadfaí an líon folúntas a fhoilsiú, i gcás na gcomhiomlán Eorpach, chomh maith leis an ráta folúntas. Leanfaidh Eurostat d'aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, i ndlúthchomhar leis na tíortha lena mbaineann.

Leis an rialachán nua maidir le staidreamh margaidh saothair an Aontais i dtaca le gnólachtaí, tabharfar isteach na feabhsuithe seo a leanas le haghaidh JVS:

- deireadh a chur le claontacht a d'fhéadfadh a bheith ann trí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile agus na méideanna gnó uile a chumhdach, lena n- áirítear fiontair bheaga a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe acu, institiúidí poiblí agus an earnáil phoiblí;
- spriocanna beachtais a thabhairt isteach le haghaidh an lín folúntas agus an lín post líonta;
- na haonaid staidrimh a úsáidtear chun sonraí JVS a bhailiú, iad sin a shonrú sa reachtaíocht agus a theorannú d'fhiontair agus d'aonaid áitiúla.

Leanfaidh Eurostat d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus ar cháilíocht JVS go tráthrialta, trí úsáid a bhaint as na sonraí a sheachadtar agus as doiciméadacht náisiúnta eile, lena n- áirítear tuarascálacha cáilíochta, agus oibreoidh sé go dlúth leis na húdaráis staidrimh náisiúnta atá freagrach mar bheart leantach.

Is ar an 7 Bealtaine 2025 a glacadh an rialachán nua, Rialachán (AE) 2025/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh margaidh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 agus (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹.

Ós rud é gur tugadh an creat dlíthiúil cothrom le dáta le Rialachán (AE) 2025/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh margaidh saothair an Aontais

²⁹ https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:L_202500941

Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, rialachán a glacadh an 7 Bealtaine 2025, is í seo an tuarascáil deiridh faoi Rialachán (CE) Uimh. 453/2008.